Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Talamh do Thógaint go hÉigeantach

FOIRM FÓGRA I dTAOBH ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH A DHÉANAMH FAOI ALT 76 DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT TITHÍOCHTA, 1966, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH.2), 1960, A FHOILSIÚ DE RÉIR AILT 4(a) DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GABHANN LEIS AN nGNÍOMH TITHÍOCHTA, 1966, MAR A LEASAÍODH LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS FAOI ALT 213 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ), AGUS ALT 184 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001.

Scéim Taistil Ghníomhach Bóthar Stiofáin
Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BSATS-CPO-002, 2024

Comhairle Cathrach na Gaillimhe (dá ngairtear "an t-údarás áitiúil" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 76 d'Acht na dTithe, 1966 , agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis, arna leathnú le halt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960 (arna ionadú le halt 86 d'Acht na dTithe, 1966) arna leasú le halt 6 agus leis an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na mBóithre, 1993 agus arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus faoi alt 213 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus alt 184 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá ordú dar teideal mar atá thuas déanta acu atá ar tí a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena dheimhniú.

Má dhaingnítear é, údaróidh an t-ordú don údarás áitiúil an talamh agus/nó na cearta a thuairiscítear i gCuid I, Cuid II agus Cuid IV (Alt A) den Sceideal chun críocha Scéim Taistil Ghníomhach Bothar Stiofáin a thógáil a bhfuil comhfhad iomlán de thart ar 850m aige, ón acomhal le Bóthar Ráthún ó thuaidh go dtí an t-acomhal le Bóthar Dáileacháin an Iarthair ó dheas, go léir i gContae na Gaillimhe agus laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, mar aon leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha go léir a bhaineann leis.

Má dhaingnítear é, údaróidh an t-ordú don údarás áitiúil srian nó cur isteach ar shlí eile ar na cearta príobháideacha a thuairiscítear i gCuid IV (Alt B) den Sceideal agus chun srian sealadach nó cur isteach ar shlí eile ar na cearta príobháideacha a thuairiscítear i gCuid IV (Alt C) den Sceideal.

Gheobhaidh úinéirí, léasaithe agus áititheoirí na talún agus/nó na gceart a thuairiscítear sa Sceideal Cuid I, Cuid II agus Cuid IV fógra aonair i scríbhinn,agus aon agóid i gcoinne an talamh nó na gceart a thuairiscítear sa Sceideal Cuid I, Cuid II agus Cuid IV a fháil go héigeantach, ba cheart é a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 tráth nach déanaí ná 4.30pm ar 4 Deireadh Fómhair 2024.

Údaróidh an t-ordú freisin don údarás áitiúil an ceart slí poiblí a thuairiscítear sa Sceideal Cuid III a ghabhann leis seo a mhúchadh, le hordú a dhéanfaidh siad tar éis dóibh an talamh a fháil, i gcás go bhfuil an ceart slí poiblí sin thar an talamh a gheofar amhlaidh nó ar aon chuid di, nó thar talamh atá tadhlach leis an talamh nó a bhaineann leis an talamh a gheofar amhlaidh nó aon chuid di. Ba cheart aon agóidí in aghaidh an ceart slí poiblí sin a mhúchadh a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 tráth nach déanaí ná 4.30pm ar 4 Deireadh Fómhair 2024.

Is féidir cóip den ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear ann a fheiceáil ag:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh
H91 X4K8

Ar laethanta oibre idir na huaireanta 09:00 agus 16:00 ó 7 Lúnasa go dtí 4 Deireadh Fómhair 2024.

Nó
An Board Pleanála
64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

Ar laethanta oibre idir na huaireanta 09:15 agus 17:30 ó 7 Lúnasa go dtí 4 Deireadh Fómhair 2024.

Tá cóip den ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear in ag ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Scéim Taistil Gníomhach Bothar Stiofáin ag www.galwaycity.ie/bothar-stiofain-cycle-network.

Príomhfheidhmeannach

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Sceideal Cuid I

Tailte d'Fháil go Buan

Talamh seachas talamh arb é atá ann teach nó tithe atá mí-oiriúnach chun daoine cónaí ann agus nach féidir a dhéanamh oiriúnach mar áit chónaithe ag daoine ar chostas réasúnach.

Sceideal Cuid II

Tailte atá á bhFáil go Sealadach

Talamh seachas talamh arb é atá ann teach nó tithe atá mí-oiriúnach chun daoine cónaí ann agus nach féidir a dhéanamh oiriúnach mar áit chónaithe ag daoine ar chostas réasúnach.

Sceideal Cuid IV (Alt A)

Tuairisc ar chearta príobháideacha atá le fáil.

Sceideal Cuid IV (Alt B)

Tuairisc ar chearta príobháideacha atá le srianadh nó le cur isteach ar shlí eile.

Sceideal Cuid IV (Alt C)

Tuairisc ar chearta príobháideacha atá le srianadh sealadach nó le cur isteach ar shlí eile.